Is ball í Éire de chomhpháirtíocht Blocshlabhra AE agus tá sí tiomanta do shártaispeántas a thabhairt ar conas is féidir blocshlabhra agus DLT a úsáid i dtionscail éagsúla agbail ar fud na seirbhísí poiblí.

Rogha Spreagúil Cainteoirí le hAghaidh Digital West GMIT

B'ábhar bróid do GMIT rogha spreagúil cainteoirí a fhógairt a bhí ag glacadh páirte in imeacht Digital West a bhí ar siúl ar líne go hiomlán ar an téama "Bunathrú Digiteach".

Agus é arna óstáil ag GMIT agus urraithe ag Oifig Áitiúil Fiontair (LEO), déanfaidh saineolaithe as na hearnálacha príobháideacha agus poiblí a gcuid taithí a chomhroinnt ar conas a d'athraigh a gcuid eagraíochtaí ina margaíocht dhigiteach go rathúil.

D'oscail Uachtarán GMIT an Dr Orla Flynn an t-imeacht, agus ina diaidh labhair na haoichainteoirí Aidan Kilcoyne, Ceann Mhargaíocht Eorpach ag Paddy Power Betfair; Valerie McTaggart, Léachtóir i Seirbhís Ghnó Dhomhanda

traceability in Ireland in a holistic manner, by outlining the different perspectives and opinions of all fish supply chain stakeholders and by identifying the factors that determine the adoption of a blockchain enabled sustainable seafood standard traceability system.

To coincide with Blockchain Ireland Week, GMIT is taking part in a series of digital events exploring the unique opportunities of blockchain and DLT. Dr Clohessy partnered with Origin Chain Networks to collaborate on an industry-related project challenge as part of the GMIT Blockchain for Business Springboard+ course.

Recently Dr Clohessy in conjunction with Block W met with the Oireachtas Friends of Science Committee (12 May) to discuss blockchain technology. The panellists' information was well received, and members look forward to updating the Oireachtas on future developments.

Dr Trevor Clohessy and Dr Amaya Vega, GMIT, presented a webinar at the prestigious Climate Expo 2021 research conference.

Dr Clohessy and GMIT partnered with Origin Chain Networks where together with fellow guest speaker Fiona Delaney, they hosted a panel discussion and presentation on "How Blockchain Powers Digital Transformation".

Dr Trevor Clohessy in conjunction with academic and industry panellists discussed how people can transition into a career in Blockchain. The event is organised by Block W and takes place during Blockchain Ireland week.

Dr Trevor Clohessy presented a webinar on "Blockchain for Business: A Primer".

Ireland is currently a member of the EU Blockchain Partnership and is committed to showcasing how blockchain and DLT can be used in various industries and across public services.

Exciting Line-up of Speakers for GMIT Digital West 2021

GMIT was delighted to announce an exciting line-up of speakers taking part in this year's Digital West event which took place fully online, on the theme of "Digital Transformation".

Hosted by GMIT and sponsored by the Local Enterprise Office (LEO), experts from the public and private sectors and academia will share their experiences of how their organisations successfully transitioned to digital marketing.

The event was opened by GMIT President Dr Orla Flynn, followed by guest speakers Aidan Kilcoyne, Head of Marketing Europe for Paddy Power Betfair; Valerie McTaggart, Lecturer in Global Business Service at IT Sligo;

ag IT Shligigh; Elaine Moyles, Ceann Fiontraíochta, LEO Mhaigh Eo, agus Bríd Conroy & Neil Paul as Teritula Bookshop; Ciara Gallagher (céimí GMIT), Saineolaí Teicniúil Slándála agus Comhlíontachta, Microsoft Éireann, Brian Hanly, Príomhoifigeach Custaim ag Emergen.

Ba í seo an ceathrú bliain do Digital West, agus gan ann ach ceann amháin de roinnt tionscnaimh atá beartaithe mar chuid de chruthú agus seoladh straitéise digití le haghaidh Maigh Eo. Cuireadh an dréacht deiridh de "Rialachán maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha (Acht Seirbhísí Digiteacha)" ar fáil. Tacaíonn an reachtaíocht sin le huailmhianta do Bhunathrú Digiteach Eorpach agus cruthaíonn spás comhoiriúnaithe oscailte digiteach níos sábháilte thar an AE. Tá an ghluaiseacht ar son gnó agus sochaí an AE a bhunathrú go digiteach ag bailiú luas. Rinne an t-imeacht seo de chuid Digital West iniúchadh ar chuid de na príomhthéamaí bunathraithe dhigiteacha. Tá mar aidhm ag an imeacht faisnéisiúil seo, i gcomhar le soláthar clár oideachais dhigitigh GMIT le haghaidh daoine aonair, fiontraíthe agus Gnólachtaí Beaga/Meánacha, dlús a chur le huas-scileáil agus tacaíocht a thabhairt do chur chun cinn teicneolaíochta atá buntáistiúil in Iarthar na hÉireann.

Dúirt Noreen Henry, léachtóir in TF, GMIT, agus Cathaoirleach Digital West 2021: "Is an-deis an t-imeacht seo le haghaidh daoine aonair, gnólachtaí agus eagraíochtaí chun eolas a fháil maidir le straitéisí bunathraitheacha digiteacha agus teicneolaíochtaí atá ag teach chun cinn agus teicnící amhail AI, anailísíocht, uathoibriú agus cibearshlándáil. Cloisfidimid tuairimí lucht bunathraithe digitigh le peirspictíochtaí áitiúla agus domhanda as an margaíocht agus cibearshlándáil, comh maith le heolas a fháil maidir leis na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil ag eagraíochtaí chun bunathrú digiteach a bhaint amach."

Sa phictiúr ag imeacht Digital West na bliana seo caite ag campas Mhaigh Eo GMIT in Eanáir, C go D, tá léachtóirí Sharon Boyle, Noreen Henry, Laura Hegarty agus an Dr Janine McGinn. [Grianghrafadóir: John Mee.]



Pictured at last year's Digital West event at the GMIT Mayo campus in January, L to R, lecturers Sharon Boyle, Noreen Henry, Laura Hegarty and Dr Janine McGinn. [Photographer: John Mee.]

Elaine Moyles, Head of Enterprise, LEO Mayo, and Brid Conroy & Neil Paul from Teritula Bookshop; Ciara Gallagher (GMIT graduate), Security and Compliance Technical Specialist, Microsoft Ireland, and Brian Hanly, Chief Customer Officer at Emergen.

This was the fourth year of Digital West, and just one in a number of initiatives planned as part of the creation and rollout of a digital strategy for Mayo. The final draft of the "Regulation on a Single Market for Digital Services (Digital Services Act)" was introduced. This legislation supported European Digital Transformation ambitions and create a safer, harmonised open digital space across the EU. The movement to digitally transform EU business and society is accelerating. This Digital West event examines some of the key digital transformation themes. This informative event, coupled with GMIT's programme of digital education provision for individuals, entrepreneurs and SMEs aims to accelerate, upskill and support beneficial technology advancement in the West of Ireland.

Noreen Henry, lecturer in IT, GMIT, and Chair of Digital West 2021, said "this event is a really excellent opportunity for individuals, businesses and organisations to find out about digital transformation strategies and emerging technologies and techniques such as AI, analytics, automation and cybersecurity. We will hear from a mixture of experienced digital transformers with local to national and global perspectives from marketing to cybersecurity, as well as hearing about the various supports that are available to organisations to enable digital transformation".

2.3 Idirnáisiúnú

Creidiúnú CIAT atá Aitheanta ar fud an Domhain le hAghaidh Chláir Teicneolaíochta Ailtireachta GMIT

Bhí áthas ar Roinn na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta GMIT a fhógairt go bhfuair a cláir (L7 agus L8) sa Teicneolaíocht Ailtireachta creidiúnú ó Institiúid Chairte na dTeicneolaithe Ailtireachta (CIAT) do na cúig bliana seo chugainn. Is comhlacht gairmiúil creidiúnaithe é CIAT le haghaidh Teicneolaithe Ailtireachta, agus is caighdeán barr feabhais agus gairmiúlachta atá aitheanta ar fud an domhain í ballraíocht chairte (MCIAT).

Tá Teicneolaithe Ailtireachta Cairte cáilithe chun seirbhísí dearaidh a thairiscint agus bainistíocht a dhéanamh ar thionscadail foirgníochta ó thús go críoch, agus iad ag treorú an dearadh teicneolaíochta i dtionscadail foirgníochta.

Cuireadh tús leis an gclár Baitsiléir Eolaíochta (L7) sa Teicneolaíocht Ailtireachta a sheachadadh in 2006, agus cuireadh an clár (L8) onóracha leis an gcuraclam in 2011. Bhí an-éileamh ar an dá chlár seo atá creidiúnaithe ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) agus líon na n-iarratas ag dul i méid go rialta i gcaitheamh na mblianta.

Dúirt Mary Rogers, Ceann na Roinne Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta: "Agus an creidiúnú á thabhairt acu, mhol an painéal cuairte CIAT na neacha léinn, na céimithe agus na léachtóirí as cur chuige comhtháite do dhearadh an chláir agus as an ardfhócas ar chomhtháthú na foghlama ar fud an chláir. Mhol an painéal go n-úsáidfí Samhaltú Faisnéise Foirgníochta (BIM) mar ardán comhoibríoch chun feabhas a chur ar an gclár agus chuir siad fáilte roimh thrí chlár nua Máistir do 2021/22 i Roinn na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta."

"Tá an-éileamh ar chéimithe as ár gcláir ar fud na teicneolaíochta ailtireachta agus i dtionscal an chomhshaoil thógtha in Éirinn agus thar lear. Roghnaíodh Róisín Ní Chatháin, Stiúrthóir Ailtireachta BPTW, Londain, céimí 2009 de chuid an chláir, Teicneolaí Ailtireachta CIAT na bliana 2021 sa RA. Is ard-ghradam é sin do Róisín agus do chlár na Teicneolaíochta Ailtireachta in GMIT agus don fhoireann."

Róisín Ní Chatháin, Stiúrthóir Ailtireachta BPTW, Londain, céimí 2009 de chuid an chláir Teicneolaíochta Ailtireachta, a roghnaíodh le déanaí mar Theicneolaí Ailtireachta CIAT na bliana 2021 sa RA.



2.3 Internationalisation

Globally Recognised CIAT Accreditations for GMIT Architectural Technology Programmes

GMIT's Department of Building & Civil Engineering was pleased to announce its degree programmes (L7 and L8) in Architectural Technology have received Chartered Institute of Architectural Technologists (CIAT) accreditation for the next five years. The CIAT is the professional accreditation body for Architectural Technologists; chartered membership (MCIAT) is a globally recognised standard of excellence and professionalism.

Chartered Architectural Technologists are qualified to offer design services and manage construction projects from inception to completion, leading the technological design of a construction project.

The GMIT Bachelor of Science (L7) in Architectural Technology programme commenced delivery in 2006, and the honours (L8) degree programme was added to the curriculum in 2011. Both of the programmes, which are also accredited by the Royal Institute of the Architects of Ireland (RIAI), have proven very popular, with numbers of applications growing steadily over the years.

Mary Rogers, Head of the Department of Building & Civil Engineering, said: "In granting the accreditation, the visiting CIAT panel commended the students, graduates and lecturers on a cohesive integrated approach to the programme design and the high focus on integration of learning across the programme. The panel recommended the use of Building Information Modelling (BIM) as a collaborative platform to enhance the programme and welcomed the development of three new Masters programmes for 2021/22 in the Department of Building and Civil Engineering," she said.

"Graduates from our programme are in high demand across the architectural technology and built environment industry in Ireland and abroad. Róisín Ní Chatháin, Director Architecture BPTW, London is a 2009 graduate of the programme and has been voted CIAT Architectural Technologist of the year 2021 in the UK. This is a wonderful accolade for Róisín and for the GMIT Architectural Technology programme and staff."

Róisín Ní Chatháin, Director Architecture BPTW, London, a graduate of the GMIT Architectural Technology programme (2009) who was recently voted CIAT Architectural Technologist of the year 2021 in the UK.

Chuaigh Beirt Chéimí Nua GMIT Isteach i gClár Oiliúna Fáilte Éireann

I ndiaidh an rath a bhain le Clár Oiliúna Céimí Fháilte Éireann le haghaidh céimithe Scoil Idirnáisiúnta na Gaillimhe in 2019, ghlac Fáilte Éireann le beirt chéimí nua ar a gclár oiliúna do 2020: Ciara O'Toole (BA Onóracha sa Staidéar Oidhreachta) agus Hannah Smyth (BB Onóracha i mBainistíocht Turasóireachta Idirnáisiúnta).

Rinne GMIT agus Fáilte Éireann an clár oiliúna a fhorbairt chun deis a thabhairt do chéimithe rathúla oibriú le foireann in Fáilte Éireann ar chlár struchtúrtha oiliúna 18-mí.

Chuaigh na hiarrthóirí rathúla, Sinéad Collins (BA Onóracha i mBainistíocht Óstáin Idirnáisiúnta) agus Áine Henebry (BB Onóracha i mBainistíocht Turasóireachta Idirnáisiúnta) isteach in oifig Fáilte Éireann i nGaillimh i Meán Fómhair. Bíonn deis ag iarrthóirí ar an gclár oibriú ar thionscadail mhóra náisiúnta agus réigiúnacha, ar a n-áirítear brandaí eispéaraí chuairteora Fáilte Éireann: Bealach an Atlantaigh Fhiáin, Croíthailte Ceilte na hÉireann, An tOirthear Ársa, agus Baile Átha Cliath.

Ag labhairt di ar an taithí a fuair sí ar Chlár Oiliúna Céimí Fháilte Éireann, dúirt Sinéad Collins: "Is cúis gliondair dom an bhliain seo a chuaigh thart a bheith caite agam ar mo chuid scileanna a fhorbairt tuilleadh le Fáilte Éireann. Fuair an deis oibriú i dtimpeallacht ghairmiúil ghasta in éineacht le foireann a bhfuil taithí an-luachmhar acu. Thug sé sin eolas pearsanta dom ar an obair a dhéantar trí Fháilte Éireann chun tacú le Tionscal na Turasóireachta in Éirinn agus táim cinnte go seasfaidh an taithí sin liom i mo ghairm amach anseo.

Agus áthas á cur in iúl aige gur ghlac Fáilte Éireann le beirt céimí nua de chuid GMIT ar an gclár oiliúna, dúirt Diarmuid Ó Conghaile, Ceann na Roinne Turasóireachta & Oidhreachta ag GMIT: "D'fhorbair muid an clár seo le Fáilte Éireann de bhrí gur eol dúinn na scileanna, eolas agus taithí a bheith ag ár gcéimithe chun a gcion a thabhairt ar bhealach dearfach agus inláimhsithe do tháirge turasóireachta baile na hÉireann. Tá struchtúr ar an gclár a thugann an deis do chéimithe oibriú ar an talamh le foireann Fháilte Éireann ar thionscadail mhóra náisiúnta agus réigiúnacha. In uair seo na neamhchinnteachta i dtionscal na turasóireachta, léirigh Fáilte Éireann go soiléir a muinín inár gcéimithe tríd an gclár a oscailte d'iaratasóirí nua do 2020. I gcomhar le chéile, tá muid tiomanta don chomhpháirtíocht rathúil a chothú agus do tógáil uirthi isteach sa todhchaí."

Agus í ag labhairt ar thábhacht an chláir oiliúna, dúirt Ella-Marie Stapleton, Fáilte Éireann: "Mar an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, is é ról Fháilte Éireann tacú le forbairt fhadtéarmach inbhuaine na turasóireachta in Éirinn. Rinne muid an clár oiliúna céimí seo i gcomhar le GMIT chun taithí luachmhar oibre a chur ar fáil do chéimithe turasóireachta agus, ina seal, rochtain ar thaisce ardcháilte buanna le taithí chun ról a líonadh sa todhchaí. Thug Sinéad agus Áine, a bhí ar an gclár le linn na bliana seo caite, smaointe úra agus nua chugainn as a gcúrsaí staidéir agus tá muid ag tnúth le fáilte a chur ar ais roimh Chiara agus Hannah an mhí seo."

Two New GMIT Graduates Join Fáilte Ireland Graduate Training Programme

Following the success of the Fáilte Ireland Graduate Training Programme for graduates of the Galway International Hotel School in 2019, Fáilte Ireland accepted two new graduates onto the training programme for 2020; Ciara O'Toole (BA Honours in Heritage Studies) and Hannah Smyth (BB Honours in International Tourism Management).

GMIT and Fáilte Ireland developed the training programme to give successful graduates the opportunity to work with the team in Fáilte Ireland on a structured 18-month training programme.

Successful applicants, Sinéad Collins (BA Honours in International Hotel Management) and Áine Henebry (BB Honours in International Tourism Management) joined the Fáilte Ireland Galway office in September. Successful applicants on the programme have the opportunity to work on major national and regional projects, including Fáilte Ireland's visitor experience brands: the Wild Atlantic Way, Ireland's Hidden Heartlands, Ireland's Ancient East, and Dublin.

Speaking about her experience on the Fáilte Ireland Graduate Training Programme, Sinéad Collins said "I am delighted to have spent the past year further developing my skills with Fáilte Ireland. I have had opportunity to work in a professional, fast-paced environment alongside a team with invaluable experience. This has given me first-hand knowledge of the work that is being done through Fáilte Ireland to support the tourism industry in Ireland and I am sure this experience will stand to me going forward in my career."

Welcoming Fáilte Ireland's acceptance of two new GMIT graduates onto the training programme, Diarmuid Ó Conghaile, Head of Department for Tourism & Heritage at GMIT, said "We developed this programme with Fáilte Ireland because we know that our graduates have the skills, knowledge and experience to contribute in a positive and tangible way to the domestic tourism product of Ireland. The programme is structured and gives the graduates the opportunity to work on the ground with the team in Fáilte Ireland on major regional and national projects. In a time of great uncertainty in the tourism industry, Fáilte Ireland has clearly displayed confidence in our graduates by opening the programme to new applicants for 2020. Together we are committed to sustaining and building upon this successful partnership into the future."

Speaking about the importance of the training programme, Ella-Marie Stapleton, Fáilte Ireland said "As the National Tourism Development Authority, Fáilte Ireland's role is to support the long-term sustainable growth of tourism in Ireland. We developed this graduate training programme with GMIT to provide valuable work experience to tourism graduates and, in turn, provide potential employers in the tourism industry with access to a highly qualified and experienced pool of talent to fill roles into the future. Sinéad and Áine, who have been on the programme for the last year, have brought fresh and new ideas from their courses of study and we look forward to welcoming Ciara and Hannah this month."

2.4 Comhoibrithe agus Comhghuaillíochtaí

Gliondar ar GMIT as Cré-Umha Athena Swan a bheith Bronnta

Ba ábhar ríméid do GMIT a fhógairt gur bhronn Advance HE Gradam Cré-umha Athena SWAN uirthi. Tugann an gradam mórluachmhar seo aitheantas don obair leitheadach atá déanta le blianta beaga chun comhionannas inscne a chur chun cinn don fhoireann agus do na neacha léinn.

Is creat í Cairt Athena SWAN a úsáidtear ar fud an domhain chun comhionannas inscne a bhunathrú agus chun tacú leis laistigh den ardoideachas agus taighde. Bunaíodh í in 2005 chun tiomantas a spreagadh agus aitheantas á thabhairt dó chun gairmeacha fostaíochta na mban a chur chun cinn san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic agus míochaine (STEMM). Faoi láthair tá an Chairt á húsáid ar fud an domhain chun aghaidh níos leithne a thabhairt ar chomhionannas inscne, agus ní amháin na baic ar dhul chun cinn a chuireann isteach ar mhná. Féadfaidh baill de Advance HE cur isteach ar ghradaim institiúideacha agus roinne Athena SWAN a thugann aitheantas dá gcuid iarrachtaí ar son comhionannais inscne.

Is príomhphiléar de chuid straitéis náisiúnta na hÉireann ar son comhionannais inscne an chairt agus tá ceangal idir an dul chun cinn le hincháilitheacht institiúide ar mhaoiniú ó mhóráisíneachtaí taighde na hÉireann. Glacann gach ceann d'ollscoileanna agus d'institiúidí teicneolaíochta in Éirinn páirt in Athena SWAN Éireann agus go dtí seo tá 56 sealbhóir gradam Cré-umha ann.

Chun an gradam a bhaint amach, is gá d'institiúidí féinmheasúnú agus anailís chriticiúil a dhéanamh chun dea-chleachtas agus réimsí faidhbe a shainaitheint agus pleán ceithre bliana a fhorbairt a thugann aghaidh ar na dúshláin sin. Tá 68 gníomh i nGníomh-Phlean GMIT nach mór a chur i bhfeidhm le linn na dtrí bliana seo chugainn, a chuimsíonn réimsí amhail cleachtais earcaíochta ionchuimsitheacha, ciondáiliú oibre, oiliúint agus forbairt, obair sholúbtha agus buneagar.

Dúirt Uachtarán GMIT, an Dr Orla Flynn: "Is cloch mhíle mhór do GMIT gradam Cré-umha institiúide Athena SWAN a bhaint amach ar fud na heagraíochta s'againne go léir. Cuireann sé in iúl ár dtiomantas do phrionsabail Athena SWAN a leabú ar fud na heagraíochta iomláine s'againne agus comhionannas deiseanna a chumhdach inár gcleachtais uile. Tá muid ag tnúth le tosaíocht agus sainaitheantas a thabhairt d'arrataisí Roinne agus d'ár nGníomhphlean Inscne a chur i bhfeidhm. Mar dhuine den bheagán Uachtarán mná san ardoideachas in Éirinn, tá áthas ar leith orm comhionannas inscne a fheiceáil mar chuid de chóras luachanna níos leithne atá ionchuimsitheach agus tacúil don uile dhuine."

2.4 Collaborations and Alliances

GMIT Delighted to be Awarded Athena Swan Bronze

GMIT was delighted to announce it was awarded an Athena SWAN Bronze Award from Advance HE. This coveted award recognises extensive work undertaken in recent years to advance gender equality for staff and students.

The Athena SWAN Charter is a framework used across the globe to support and transform gender equality within higher education and research. Established in 2005 to encourage and recognise commitment to advancing the careers of women in science, technology, engineering, maths and medicine (STEMM) employment, the Charter is now being used across the globe to address gender equality more broadly, and not just barriers to progression that affect women. Advance HE members can apply for institutional and departmental Athena SWAN awards recognising their gender equality efforts.

Engagement with the charter is a key pillar of Ireland's national strategy for gender equality with progress linked to institutional eligibility for funding from Ireland's major research agencies. All of Ireland's universities and institutes of technology and several colleges participate in Athena SWAN Ireland and to date there are currently 56 Bronze award holders.

To achieve the award, institutions are required to perform a critical self-assessment and analysis to identify both good practice and problem areas and to develop a four-year action plan that addresses these challenges. The GMIT Action Plan has 68 actions that will be implemented over the next three years spanning areas such as inclusive recruitment practices, work allocation, training and development, flexible working and infrastructure.

President of GMIT Dr Orla Flynn said: "Achieving the Athena SWAN Bronze institutional award is a big milestone for GMIT. It signals our commitment to embedding the principles of Athena SWAN across our entire organisation and to enshrining equality of opportunity in all our practices. We are now looking forward to identifying and prioritising Departmental applications and implementing our Gender Action Plan. As one of the few female Presidents in higher education in Ireland I am especially pleased to see gender equality as part of a broader value system that is inclusive and supportive of all."

"Teastaíonn uaim tréaslú lenár gcomhpháirtithe i gComhghuaillíocht Chonnacht-Uladh, IT Shligigh agus IT Leitir Ceanainn, ar bronnadh Cré-umha Athena SWAN orthu freisin inniu. Tá muid ag súil leis na trí ghníomhphlean a chomhoiriú isteach in aon phlean amháin lena bheith curtha i bhfeidhm san Ollscoil Teicneolaíochta nua."

Dúirt Mary Nestor, Cathaoirleach na Foirne Féinmheasúnaithe GMIT, agus Bainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuisitheachta (EDI): "Is cúis áthais dom gur tháinig toradh fóna ar an obair chrua a chuaigh isteach san iarratas a rinne ár bhFoireann Féinmheasúnaithe. Chuaigh muid i ngleic le próiseas dian féinmheasúnaithe a ba mhó ba chúis le haibhsiú gach cineál saincheisteanna le haghaidh lucht acadúil agus foireann ghairmiúil seirbhísí. Tá muid ag tnúth le tús a chur anois leis an bhforobair a bhaineann le comhionannas inscne a leabú inár gcultúr, polasaithe agus cleachtais trí Gníomh-Phlean Inscne a chur i bhfeidhm agus a bheith inár gceannaire sa réimse sin dár bhfoireann agus neacha léinn."

Ag trácht dó ar na gradaim institiúideacha a bhí bainte amach, deir an Dr Joseph Ryan, POF an ÚAO: "Is cloch mhíle shuntasach é gradam institiúide Cré-umha Athena SWAN a bhaint amach, a raibh an-chuid tiomantais agus iarrachta ag baint leis d'foirne na hinstitiúide. Tá gliondar ar leith orainn a fheiceáil go bhfuil gradaim ag dul chuig gach ball de Chomhghuaillíocht Ollscoil Teicneolaíochta Chonnacht-Uladh agus ba mhian linn comhghárdeas a chur in iúl dóibh siúd i Leitir Ceanainn, Sligeach agus Gaillimh-Maigh Eo, ar cuireadh eolas faoina ngradaim chré-umha in iúl dóibh inniu. Tá muid ag súil le cabhair a thabhairt d'institiúidí agus iad ag obair ar son gradaim roinne le linn na míonna agus na mblianta atá ag teacht."

Deir an Dr Victoria Brownlee, Ceann Athena SWAN Éireann: "Tá dul chun cinn maidir le comhionannas inscne riachtanach ar fud an ardoideachais chun talann a choinneáil agus le cinntiú go mbeidh ár n-institiúidí ar gach leibhéal ionadaíoch ar an tsochaí."

C go D: Mary Nestor (ar dheis), Bainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuisitheachta (EDI), sa phictiúr leis an Dr Orla Flynn, Uachtarán GMIT, agus an Dr Heather Lally, ball d'fhoireann fhéinmheasúnaithe Athena SWAN GMIT.



L to R: Mary Nestor (right), GMIT Equality, Diversity & Inclusion (EDI) Manager. pictured with Dr Orla Flynn (left), President of GMIT, and Dr Heather Lally, member of the GMIT Self-Assessment Athena SWAN team

"I want to congratulate our partners in the Connacht-Ulster Alliance, IT Sligo and LYIT who, today, were also awarded Athena SWAN Bronze. We are now looking forward to harmonising our three Action Plans into a single plan to be implemented for the new Technological University."

Mary Nestor, Chair of the GMIT Self-Assessment Team, and Equality, Diversity and Inclusion (EDI) Manager, said: "I am delighted that the hard work that went into the application by our Self-Assessment Team has been rewarded. We engaged in a rigorous self-assessment process which was key in highlighting all sorts of issues for academic and professional services staff. We look forward to now beginning the real work of embedding gender equality in our culture, policies and practices by implementing the Gender Action Plan and to becoming a leader in this area for our staff and students."

Commenting on the institutional awards achieved, Dr Joseph Ryan, CEO of THEA, says, "Achieving an Athena SWAN Bronze institutional award is a significant milestone, involving considerable commitment and effort across institutional teams. We are particularly happy to see that awards are going to all members of the Connacht-Ulster Technological University Alliance and we would like to extend our congratulations to those in Letterkenny, Sligo and Galway-Mayo, who are notified of their bronze awards today. We are looking forward to assisting institutions as they work towards departmental awards over the coming months and years."

Dr Victoria Brownlee, Head of Athena SWAN Ireland, says: "Progress on gender equality right across higher education is essential for retaining talent and ensuring our institutions at all levels are representative of society".

Fógraíonn SmartBay Éireann agus GMIT Scoláireacht Nua Máistir sa Taighde

Bhí ríméad ar SmartBay Éireann i gcomhar le GMIT glao a fhógairt le haghaidh iarratas ar chlár nua Scoláireachta Máistir sa Taighde. Tá mar aidhm ag an tionscadal taighde, a gcuirfear tús leis i Samhain 2020, sraith acmhainní oideachasúla iar-bhunscoile a fhorbairt sa réimse fuinneamh in-athnuaite mara.

Tharla an scoláireacht i ngeall ar chomhpháirtíocht idir SmartBay Éireann, GMIT, Údarás na Gaeltachta, an Foras Mara agus an tÚdarás um Fhuinneamh Inbhuaine Éireann (SEAI). Bhí an scoláireacht ceaptha chun iarrthóir a mhaoiniú i Réigiún Gaeltachta Chonamara agus feachtas a mhéadú ar litearthacht mhara, fuinneamh inbhuaine mara agus inbhuanaitheacht tríd an oideachas i scoileanna áitiúla. Gheobhaidh an t-iarrthóir rathúil maoiniú dar luach €44,500 le linn an tionscadail 24-mhí seo.

Beidh an tionscadal dírithe ar acmhainní a ullmhú agus a sheachadadh ag leibhéal iar-bhunscoile i nGaeilge agus i mBéarla ar aon, a ionchorpróidh gnéithe éagsúla den bhunachar eolais ar fhuinneamh mara agus in-athnuaite. Cuimseoidh an taighde anailís ar churaclaim agus sonraíochtaí iar-bhunscoile reatha d'fhonn gnéithe den churaclam a shainaithint a d'fhéadfaí a shuibhriú trí chomhoibriú leis an gclár náisiúnta fuinnimh aigéin.

Dúirt John Breslin, Bainisteoir Ginearálta SmartBay Éireann: "Is ábhar bróid agus spreagtha do SmartBay Éireann an chéad Scoláireacht Taighde SmartBay riamh trí chomhoibriú leis an gclár náisiúnta fuinnimh aigéin, i gcomhar le GMIT agus le tacaíocht ónár gcomhpháirtithe ciste a sheoladh. Is é atá beartaithe againn le SmartBay tionchar buan agus dearfach a imirt ar an bpobal áitiúil, ó pheirspictíocht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíochta. Is deis an-mhaith í an scoláireacht don iarrthóir rathúil, ní amháin chun dul chun cinn a dhéanamh ina ghairm amháin ach a bheith i dtús cadhnaíochta chun acmhainní oideachasúla a fhorbairt agus tionchar dearfach agus buan a dhéanamh ar an gcuraclam iar-bhunscoile. Tá muid an-sásta go bhfuil an cumas sa tionscadal seo feachtas agus tuiscint a thógáil ar an bhféidearthacht ollmhór atá ag an ngeoth sa bhfarraige amuigh, ag acmhainní toinne agus taoide chun cuidiú le hÉirinn aistriú isteach ina geilleagar ar bheagán carbóin."

Dúirt Róisín Nash, léachtóir ag GMIT agus Maoirseoir Scoláireacht Taighde SmartBay: "Is faill an-spreagúil é seo a bheadh feiliúnach d'iarrthóir díograiseach le dúil san oideachas, sa mhuir agus san inbhuanaitheacht. Anois nuair atá an taighde agus bainistiú acmhainní mara riachtanach ina bpríomhghnéithe de thodhchaí inbhuaine, is tionscadal uathúil é seo a bhfuil neart deiseanna ann don iarrthóir lena bheith cruthaitheach agus dul i gcion chun fuinneamh mara agus in-athnuaite a iochorprú isteach sa seomra ranga."

Mhaoinigh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Údarás na Gaeltachta, Foras na Mara agus Údarás Fuinneamh Inbhuaine na hÉireann Scoláireacht Taighde larchéime SmartBay Éireann.

Smartbay Ireland and GMIT Announce a New Masters in Research Scholarship

SmartBay Ireland, in collaboration with GMIT, was delighted to announce the call for applications for a new Masters in Research Scholarship programme. The research project, commencing in November 2020, aims to develop a suite of post-primary educational resources in the field of marine renewable energy.

The scholarship was as a result of a partnership between SmartBay Ireland, GMIT, Údarás na Gaeltachta, the Marine Institute and the Sustainable Energy Authority of Ireland (SEAI). The scholarship was designed to fund and support a candidate in the Connemara Gaeltacht Region and to drive awareness around ocean literacy, marine renewable energy and sustainability through education in local schools. The successful candidate will receive funding support to the value of €44,500 over the duration of the 24-month project.

The project will focus on the preparation and delivery of resources at post-primary level, in both English and Irish, which will incorporate various aspects of the marine and renewable energy knowledge base. The research will include an analysis of current post-primary syllabi and specifications in order to identify aspects of the curriculum which could be enriched through collaboration with the national ocean energy programme.

John Breslin, SmartBay Ireland General Manager, said: "SmartBay Ireland is very proud and excited to launch the first-ever SmartBay Research Scholarship, in collaboration with GMIT, with the support of our funding partners. Our aim with SmartBay is to make a positive and lasting impact on the local community from an environmental, social and economic perspective. This scholarship is an excellent opportunity for the successful candidate, not only to advance in their career, but to be at the forefront of developing educational resources to make a positive and lasting impact on the post-primary curriculum. We are very excited for this project's potential to build awareness and understanding of the enormous potential our offshore wind, wave and tidal energy resources can play in helping Ireland transition to a low carbon economy."

Róisín Nash, lecturer at GMIT and SmartBay Research Scholarship Supervisor, said: "This is a very exciting opportunity which would suit an enthusiastic candidate with a passion for education, the marine and sustainability. At a time when research and management of essential marine resources are key features of a sustainable future, this is a unique project with lots of opportunities for the candidate to be creative and influential in incorporating marine and renewable energy into the classroom."

The SmartBay Ireland Postgraduate Research Scholarship was funded by the Galway-Mayo Institute of Technology, Údarás na Gaeltachta, the Marine Institute and the Sustainable Energy Authority of Ireland.

Atosaíonn Uachtaráin CCU Cruinnithe ar Suíomh de réir mar a Bhailúonn na hUllmhúcháin le bheith ina hOT Luas

D'atosaigh Uachtaráin na dtrí Institiúid i gComhghuaillíocht Chonnacht-Uladh (CCU) cruinnithe ar suíomh aghaidh ar aghaidh den chéad uair ó mhúchadh éigeantach Covid-19, agus na trí institiúid ag ullmhú chun na campais go léir a athoscailt le haghaidh neach léinn nua agus leantach thar réigiún an Iarthair agus an Iarthuaiscirt i Meán Fómhair.

Bhí Uachtaráin IT Leitir Ceanainn agus IT Shligigh agus GMIT, Paul Hannigan, an Dr Brendan McCormack agus an Dr Orla Flynn ag cruinniú le chéile, ar líne, le linn an tsé mhí seo caite, chomh maith le cruinnithe rialta ar líne Ghrúpa Stiúrtha CCU faoin gCathaoirleach Martin Cronin, agus rinne Ceannaire Feidhmeannach CCU, an Dr Seán Duffy, de chuid IT Leitir Ceanainn freastal freisin.

Bhuail an triúr Uachtarán le chéile aghaidh ar aghaidh ar champas Leitir Ceanainn Dé hAoine 28 Lúnasa, chun raon saincheisteanna a phlé mar ullmhúchán do thús na bliana acadúla 2020/2021. Ar an gclár bhí Athbhreithniú ar Fhís agus misean na hOT, Plean Oibre CCU (M.Fómh. – Noll. 2020) agus plean le dul i ngleic le sealbhóirí seachtracha (gnó, tionsclaíocht agus soláthróirí seirbhísí thar gach campas). Tá beartaithe ag na trí institiúid aighneacht fhoirmiúil a chur isteach i Nollaig 2020 le bheith ina hOllscoil Teicneolaíochta.

Tharla an chéad chruinniú ar leithligh ar líne d'Fhochoiste nua Bhord Rialaithe CCU ar 1 Meán Fómhair. Bhunaigh Cathaoirligh agus Uachtaráin Institiúidí CCU an grúpa le cead a mBord Rialaithe. Casfaidh an foghrúpa le chéile ar bhonn míosúil agus déanfaidh maoirseacht ar aighneacht a fhorbairt le bheith ina hOllscoil Teicneolaíochta, agus iad ag tuairisciú dá mBoird Rialaithe ar bhonn rialta.

Deir Paul Hannigan, Uachtarán IT Leitir Ceanainn: "Tá móiminteam suntasach laistiar den tionscal CCU faoi láthair, ar a n-áirítear idirbheartaíochtaí leanúnacha leis na ceardchumainn ionadaíoch chun comhaontú a bhaint amach faoin mbealach chun cinn. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a chuidigh leis an obair seo agus táim ag súil le toradh dearfach."

Dúirt an Dr Orla Flynn, Uachtarán GMIT: "Is é seo mo chéad chruinniú aghaidh ar aghaidh le mo chomh-Uachtaráin ó chuaigh mé i mbun mo róil in GMIT i lár mhí an Mhárta. Rinne muid obair mhaith le chéile le linn na tréimhse, agus cruthaíonn cianchruinnithe éifeachtach nach bac ar bith ar an gcomhoibriú tréan é an t-achar fada siúil."

Dúirt an Dr Brendan McCormack, Uachtarán IT Shligigh: "Is staid spreagúil atá againn agus ollscoil á lorg againn don Iarthar/Iarthuaisceart chun dlús a chur le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin. Is mian liom aitheantas a thabhairt do thiomantas an oiread sin ball foirne agus neach léinn inár nInstitiúidí atá gafa go doimhin sa phleanáil agus le hobair ar an talamh chun go mbeidh an OT seo ar an gceann is fearr in Éirinn."

CUA Presidents Resume On-site Meetings as Preparations to become a TU Step up

The Presidents of the three Institutes in the Connacht Ulster Alliance (CUA) resumed onsite face to face meetings for the first time since the Covid-19 enforced shutdown, as the three institutes prepare to reopen all campuses for new and continuing students across the West and North West region in September.

The Presidents of LYIT and IT Sligo and GMIT, Paul Hannigan, Dr Brendan McCormack and Dr Orla Flynn have been meeting weekly, online, for the past six months, in addition to regular online meetings of the CUA Steering Group chaired by Martin Cronin and also attended by CUA Executive Project Lead, Dr Seán Duffy, of LYIT.

The three Presidents met face to face on LYIT's Letterkenny campus on Friday, 28 August, to discuss a range of issues in preparation for the start of the 2020/2021 academic year. On the agenda was a Review of the TU Vision and Mission, a CUA Work Plan (Sept – Dec 2020) and a plan for engagement with external stakeholders (business, industry, local authority and civic leaders in the region) and with internal stakeholders (students, staff, researchers and service providers across all campuses). The three CUA institutes plan to make a formal submission to become a Technological University in December (2020).

Separately, the first online meeting of the new CUA Governing Body Sub-Committee took place on 1 September. The group was established by the Chairs and Presidents of the CUA institutes with the approval of their Governing Bodies. The subgroup will meet on a monthly basis and will oversee the development of a submission to become a Technological University, reporting to their respective Governing Bodies on a regular basis.

Paul Hannigan, President of LYIT, says: "There is significant momentum behind the CUA project at the moment, including ongoing negotiations with the representative trade unions to agree a way forward. I would like to thank everyone who is contributing to this work and look forward to a positive outcome."

Dr Orla Flynn, President of GMIT, said: "This was my first face-to-face meeting with my fellow CUA Presidents since taking up the role in GMIT in the middle of March. We have been working very well together throughout that period, with effective remote meetings proving that distance is no longer a barrier to strong collaboration."

Dr Brendan McCormack, President of IT Sligo, said: "We are at a very exciting stage in seeking a university for the West/North-West to accelerate economic, social and cultural development of the region. I want to acknowledge the commitment of the many staff and students of our Institutes who are deeply engaged in the planning and ground work to make this the best TU in Ireland."

Beidh an Ollscoil Teicneolaíochta (OT) d'iarthar agus Iar-Thuaisceart na hÉireann ar cheann de na hollscoileanna ilchampsais is mó ar an oileán, a thugann le chéile neacha léinn, an fhiontraíocht agus pobail as réigiún uathúil tíreolaíochta atá i mbun athraithe ar imeall na hEorpa ag a bhfuil pobal tuaithe scáinte den chuid is mó.

Cuireann Institiúidí CCU Fáilte roimh €5.7m de Mhaoiniú Bunathraithe le hAghaidh Ollscoileanna Teicneolaíochta

Chuir Uachtarán institiúidí Chomhghuaillíocht Connacht-Uladh, an Dr Orla Flynn, GMIT, Paul Hannigan, IT Leitir Ceanainn, agus an Dr Brendan McCormack, IT Shligigh, fáilte chroíúil roimh fhógairt €5.7m as an gCiste um Bhunathrú Ollscoile Teicneolaíochta an ÚAO de réir mar atá CCU ag obair le bheith ina OT d'iarthar agus d'Iar-Thuaisceart na hÉireann.

Is cuid é an cistiú de phacáiste de €34.33m a d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris TD, chun cabhrú le hInstitiúidí Ardoideachais agus iad ag dul chun cinn i dtreo stádas Ollscoile Teicneolaíochta.

Dúirt an tAire Harris: "Is príomhthiomantas é cruthú Ollscoileanna Teicneolaíochta laistigh den Chlár Rialtais agus déanfaidh sé buntáistí suntasacha a sheachadadh do thosaíochtaí náisiúnta i dtaca le rochtain ar an Ardoideachas, teagasc agus foghlaim thaighdebhunaithe, chomh maith le tacú leis an bhfiontraíocht agus le forbairt réigiúnach."

"Cuirfidh an infheistíocht Rialtais seo thar na bearta de €34.33m i mbliana agus €90m le linn shaolré an chiste Ollscoileanna Teicneolaíochta ar bun thar gach réigiún a bheidh in ann spriocanna straitéiseacha náisiúnta a sheachadadh ag teacht le fíis thuarascáil TURN. Rachaidh an infheistíocht seo chun sochair dá réigiúin, dá bpobail agus d'Éirinn go hidirnáisiúnta."

Dúirt an Dr Orla Flynn, Uachtarán GMIT: "Bhí comhpháirtithe CCU ag obair go dian le chéile chun iarratas ar ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta a ullmhú agus beidh an maoiniú seo ina phríomhchumasóir; tá muid dírithe i gcónaí ar an dúshlán chun freastal ar riachtanais oideachais an réigiúin agus dul i bpáirt lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha mar chuid den phróiseas seo."

Agus dúirt Paul Hannigan, Uachtarán IT Leitir Ceanainn: "Tá muid an-sásta an tacaíocht seo a fháil. Tá an tacaíocht seo riachtanach chun ár n-aighneacht a ullmhú agus cuirimid fáilte roimh an tacaíocht bhreise ón ÚAO agus ón rialtas."

Chuir an Dr Brendan McCormack a bhíochas in iúl don Aire Harris, don ÚAO agus don Roinn as a dtacaíocht leanúnach: "Is vóta muiníne an chionroinnt shubstaintiúil maoinithe sa CCU agus muid ag leanúint den obair ar mhaithe le bheith inár nOllscoil Teicneolaíochta don Iarthar agus don Iar-Thuaisceart. Cinnteoidh an maoiniú seo an fhís a bheith ina réaltacht trínár n-iarrachtaí i gcomhar in 2021."

The new Technological University (TU) for the West and North-West of Ireland will be one of the largest multi-campus universities on the island, bringing together students, enterprise and communities spanning a unique geographical region in transition on the periphery of Europe which has a predominantly dispersed rural population.

CUA Institutes Welcome €5.7m Transformation Funding For Technology Universities

The Presidents of the Connacht-Ulster Alliance (CUA) institutes, Dr Orla Flynn, GMIT, Paul Hannigan, LYIT, and Dr Brendan McCormack, IT Sligo, warmly welcomed the announcement of €5.7m under the HEA Technological University Transformation Fund (TUTF) as the CUA works to become a TU for the West and North-West of Ireland.

The funding is part of a €34.33m package announced by the Minister for Further and Higher Education, Research, Innovation and Science, Simon Harris TD, to help Higher Education institutes in their progression towards Technological University status.

Minister Harris said: "The creation of Technological Universities is a key commitment within the Programme for Government and will deliver significant advantages to national priorities in relation to Higher Education access, research-informed teaching and learning, as well as supporting enterprise and regional development".

"The unparalleled Government investment of €34.33m this year and €90m over the lifetime of the Fund, will establish TUs across all regions capable of delivering national strategic objectives in accordance with the TURN report vision. This investment will help deliver for the benefit of their regions, communities and Ireland internationally."

Dr Orla Flynn, GMIT President, said "The CUA partners have been working very hard together to prepare an application for Technological University designation and this funding will be a key enabler; we remain focused on the challenge of serving the educational needs of the region, and engaging with all our internal and external stakeholders as part of this process."

Paul Hannigan, LYIT President, added "We are delighted to receive this support, this support is vital in the preparation of our submission and we welcome this further endorsement from the HEA and from the government."

Dr Brendan McCormack extended his gratitude to Minister Harris, the HEA and the Department for their continued support: "This substantial allocation of funding is a vote of confidence in the CUA as we continue to work together towards becoming a Technological University for the West and North-West. This funding will ensure our combined efforts will see this vision become a reality in 2021."

“Is fianaise é an leibhéal méadaithe maoinithe chun tacú le hOllscoil Teicneolaíochta san Iarthar agus san Iarthuaisceart ar an gcion suntasach a thabharfaidh an OT don réigiún agus don chomhoibriú a léirigh na trí institiúid chun an ollscoil a bheith ann go fóir,” a dúirt an Dr Seán Duffy, Ceannaire Feidhmeannach Tionscadail CCU.

Beidh an OT nua seo don Iarthar agus don Iarthuaisceart ar cheann de na hollscoileanna ilchampais is mó ar an oileán, a thabharfaidh le chéile neacha léinn, an fhiontraíocht agus pobail as réigiún uathúil tíreolaíochta ar imeall na hEorpa ag a bhfuil daonra scáinte tuaithe den chuid is mó.

Cuirfidh sé leis na deiseanna foghlama, le méadú ar rochtain ar an Ardoideachas trí chlár a thairiscint ó leibhéal réamhchéime go leibhéal dochtúireachta, a chuirfidh speictream iomlán timpeallachtaí foghlama ar fáil, ar campas, ar líne agus cianfhoghlaim (ar a n-áirítear seachadadh measctha le linn uair seo Covid-19) mar aon le rochtain ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Leanfaidh an OT nua de bheith ag cur le comhpháirtíochtaí comhoibreacha le hinstiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais agus eagraíochtaí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha ar fud an réigiúin, agus cuirfidh teagasc taighdebhunaithe ar fáil do gach foghlaiméir.

Mar OT ar scála mór, de cháilíocht agus tionchar, beidh deiseanna fostaíochta den scoth ag céimithe den OT nua s’againne go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cuireann Comhghuaillíocht Chonnacht-Uladh (CCU) Fáilte roimh €500,000 dá Moil Nuálaíochta

Chuir Uachtarán institiúidí Chomhghuaillíocht Chonnacht-Uladh (CCU) fáilte roimh fhógra an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar TD, faoin deontas de €8.24m le haghaidh 95 Lárionad Fiontraíochta ar fud na tíre faoi Chiste na Lárionad Fiontraíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann.

Tá Lárionad Fiontraíochta leabaithe i ngach pobal sa tír. Cuireann siad spás agus oiliúint ar fáil d’fhiontraithe, rud a thugann deis dóibh cianobair a dhéanamh, teacht ar oiliúint agus comhairle, agus líonrú le ceannairí eile gnó.

Fuair gach ceann de Lárionad Nuálaíochta CCU deontais, agus fuair IT Leitir Ceanainn an t-uas-chionroinnt de €150,000, agus ina dhiaidh fuair Lárionad Fiontraíochta IT Shligigh €146,220. Fuair Moil Nuálaíochta GMIT i nGaillimh agus Maigh Eo deontais de €101,442 agus €75,828 faoi seach.

Beidh an maoiniú ríthábhachtach de réir mar a dhéanann na lárionad seirbhísí a thairiscint do ghnólachtaí áitiúla le linn na huair seo atá thar a bheith deacair. Cuideoidh sé leis na Lárionad chun plean téarnaimh a chur i bhfeidhm le haghaidh gnólachtaí atá faoina gcúram le linn na chéad sé go dhá mhí dhéag seo chugainn.

“The increased level of funding to support the development of a Technological University in the West and North West is testimony to the significant contribution the TU will make to the region and the collaboration shown by each of the three institutes to make the university a reality”, said Dr Seán Duffy, Executive Project Lead, CUA.

The new TU for the West and North-West will be one of the largest multi-campus universities on the island, bringing together students, enterprise and communities spanning a unique geographical region on the periphery of Europe which has a predominantly dispersed rural population.

It will expand learning opportunities, increase access to Higher Education by offering programmes from pre-degree to doctoral level, providing a full spectrum of learning environments, on campus, online and remote (including blended delivery during these Covid-19 times) along with access to emerging technologies.

The new TU will continue to increase collaborative partnerships with Further and Higher Education institutions and organisations in the public and private sectors across the region, and provide research-informed teaching for all learners.

As a TU of scale, quality and impact, graduates of our new TU will have excellent employment potential nationally and internationally.

Connacht Ulster Alliance (CUA) Welcomes €500,000 for Its Hubs

The Presidents of the Connacht-Ulster Alliance (CUA) institutes welcomed the announcement by the Tánaiste and Minister for Enterprise, Trade and Employment, Leo Varadkar, TD, of €8.24 million in grants for 95 Enterprise Centres around the country under Enterprise Ireland’s Enterprise Centres Fund.

Enterprise Centres are embedded in communities in every county in the country. They provide space and training for entrepreneurs, allowing them to work remotely, access training and advice, and network with other business leaders.

All three of the CUA Innovation Centres received grants, with LYIT’s CoLab receiving the maximum allocation of €150,000, followed by Sligo IT’s Innovation Centre receiving €146,220. GMIT’s Innovation Hubs in Galway and Mayo received grants of €101,442 and €75,828 respectively.

The funding will be crucial as the centres continue to offer services to local businesses during what is an exceptionally difficult time. It will help the Centres implement a recovery plan for businesses within their remit over the next six to twelve months.

Chuir Uachtaráin institiúidí Chomhghuaillíochta Chonnacht-Uladh, an Dr Orla Flynn, GMIT, Paul Hannigan, IT Leitir Ceanainn, agus an Dr Brendan McCormack, IT Shligigh, fáilte chroíúil roimh an bhfógra de beagnach leath mhilliún euro.

D'admhaigh an Dr Seán Duffy, Ceannaire Feidhmeannach Thionscadal CCU, tábhacht an chistithe ar son na dtrí institiúid:

